An Coimisiún Eorpach



# Tacaíocht le haghaidh athchóirithe in ÉIRINN

DG REFORM

Feabhra 2021

**Ó bhí 2017 ann tá saineolas curtha ar fáil ag an gCoimisiún Eorpach le cabhrú chun breis agus 1000 tionscadal athchóirithe a cheapadh i 27 mBallstát tríd an gClár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. In 2021 tháinig an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) i gcomharbas ar an gClár agus leanann sí de bheith ag tacú le hathchóirithe, agus béim á leagan ar na haistrithe glasa agus digiteacha. Chomh maith leis sin, tacaíonn TSI le hullmhú agus le cur i bhfeidhm Phleananna Téarnaimh agus Athléimneachta na mBallstát.**

10 TIONSCADAIL

## TIONSCADAIL NUA FAOI TSI 2021

Sa chéad bhabhta de TSI, tacóidh an Coimisiún le 10 dtionscadal in Éirinn sna réimsí seo a leanas: an tionscal muirí agus talmhaíochta inbhuanaithe, cúram sláinte, árachas, an digitiú sa riarachán poiblí agus inbhuanaitheacht infheistíocht an chaipitil phoiblí, an digitiú i réimse an chustaim agus bainistiú acmhainní daonna.

### Samplaí de na tionscadail nua a glacadh:

- Feabhas a chur ar an mbainistíocht mhuirí, pleanáil agus timpeallacht rialála na hinfheistíochta
- Pleanáil a fhorbairt maidir le hoibrithe cúraim sláinte a leithdháileadh
- Scileanna forbartha beartas agus fadbhreathnaitheachta a chothú sa riarachán lárnach
- Dul i ngleic le dúshláin sa mhaoirseacht ar ghnóthais árachais
- Straitéis um chlaochlú digiteach a fhorbairt le haghaidh riarachán ioncaim

Twitter: @EU_reforms #TSI



# THIONSCADAL ATHCHÓIRITHE ATÁ CURTHA I gCRÍCH NÓ FÓS AR SIÚL

24
TIONSCADAIL

Bhain Éire tairbhe as 24 thionscadal go dtí seo a maoiníodh faoi réamhtheachtaí TSI, is é sin an Clár Tacaíochta um Athchóiriú Struchtúrach. Tugadh aghaidh leis an tacaíocht sin ar raon leathan réimsí beartas, mar shampla buiséadú inbhuanaithe, riarachán poiblí, an t-aistriú glas, iomaíochas FBManna, cúram sláinte, taighde agus forbairt, inbhuanaitheacht chóras na bpinsean, oideachas agus maoirseacht ar an earnáil airgeadais. Cuireadh béim ar leith ar thionscadail a thugann aghaidh ar dhúshláin i réimsí an riaracháin phoiblí, na haeráide agus an fhuinnimh, mar aon le dúshláin a bhaineann le Brexit. Cuireadh 6 thionscadal i gcrích go rathúil go dtí seo. Seo a leanas roinnt samplaí de thionscadail athchóirithe ar éirigh leo:



## Deiseanna nua gnó a mhealladh san earnáil chógaisíochta

Thug an Coimisiún Eorpach tacaíocht d’Éirinn chun deiseanna eacnamaíocha a aithint in earnáil na dtáirgí íocshláinte teiripeacha ardfhorbartha. Cuireadh saineolas ar fáil faoin gclár le cuidiú chun measúnú a dhéanamh ar an ullmhacht náisiúnta ó thaobh infheistíochtaí gaolmhara a mhealladh le haghaidh cuideachtaí nuálacha agus deiseanna nua fostaíochta a fhorbairt. Dá thoradh sin, is fearr is féidir le hÉirinn na deiseanna eacnamaíocha a bhaineann le táirgí íocshláinte teiripeacha ardfhorbartha a aithint agus leas a bhaint astu, sin agus tacú le rannpháirtíocht cuideachtaí i slabhra soláthair agus luacha na hearnála cógaisíochta.



## ‘Córas rollaithe uathoibríoch’ nua a cheapadh le haghaidh coigiltis pinsean

Tá an Coimisiún Eorpach ag tacú le hÉirinn córas nua um choigiltis fhorlíontacha pinsean a cheapadh agus a chur i bhfeidhm. Cuireadh saineolas ar fáil faoin gclár chun príomhghnéithe beartas, rialála agus oibríochtúla an chórais rollaithe uathoibríoch nua a cheapadh. Ó 2021 ar aghaidh cuirfear saineolas ar fáil le cabhrú chun an córas nua a chur i bhfeidhm. Dá thoradh sin, beidh Éire in ann aghaidh a thabhairt ar dhúshláin a bhaineann le hinbhuanaitheacht agus leordhóthanacht chóras pinsean na tíre. Is é an aidhm fhoriomlán cabhrú chun caighdeáin mhaireachtála níos leordhóthanaí a chothú le haghaidh daoine scothaosta.



## Athchóiriú ar thuairisciú airgeadais

Tá an Coimisiún Eorpach ag tacú le hÉirinn ina hiarrachtaí chun gach roinn agus oifig rialtais láir a aistriú ón gcuntasaíocht ar bhonn airgead tirim go dtí an chuntasaíocht ar bhonn fabhraithe. A bhuí leis an tacaíocht bhíothas in ann measúnú a dhéanamh ar Chreat Cuntasaíochta an Rialtais Láir. Tá an Coimisiún Eorpach ag leanúint de bheith ag cabhrú leis an aistriú sin ionas go mbeidh Éire in ann dul ar aghaidh leis an athrú ar a cleachtais chuntasaíochta agus glacadh le caighdeáin na cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe, i gcomhréir le IPSAS agus Caighdeáin Eorpacha Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí.

© An tAontas Eorpach, 2021
Ceadaítear athúsáid an doiciméid seo, ar choinníoll go dtugtar creidiúint chuí agus go léirítear na hathruithe a dhéantar (Ceadúnas Idirnáisiúnta Creative Commons Attribution 4.0). Chun gnéithe nach leis an Aontas Eorpach iad a úsáid nó a atáirgeadh, d’fhéadfadh sé go mbeadh ort cead a lorg go díreach ó na sealbhóirí cirt féin.
Gach íomhá © An tAontas Eorpach, mura sonraítear a mhalairt. Deilbhíní © Flaticon – gach ceart ar cosaint